

PPLI agus Languages Connect

An tacaíocht a thugaimid duitse,
do do scoil agus do do scoláirí



Éagsúlú, tacú, agus
daoine a chur ar an
eolas faoi fhoghlaim
teangacha iasachta



Teangacha
Iar-bhunscoile Éireann
Post-Primary
Languages Ireland

PPLI seachadta



Le tacaíocht ó



An Roinn Oideachais
Department of Education

Éagsúlú agus tacú le foghlaim teangacha

- Múinteoirí taistil lasmuigh den chuóta agus múinteoirí breise chun tacú le tabhairt isteach teangacha nua agus teangacha nach múintear go forleathan
- Ranganna an tSathairn – ranganna Ardteistiméireachta i réimse teangacha agus in ionaid ar fud na hÉireann
- Maoiniú do champaí samhraidh i dteangacha oidhreacht agus i dteangacha nach múintear chomh minic
- Maoiniú do leabhair leabharlainne i dteangacha oidhreacht/baile
- Tabhairt isteach teangacha nua

Tacú le múineadh agus foghlaim nua-theangacha iasachta ar scoil

- Tacaíocht, áiseanna agus oiliúint do mhúinteoirí NTI
- Maoiniú d'uasoiiliúint múinteoirí
- Tacaíocht d'fhoghlaim chumaisc NTI
- Pobail chleachtais do mhúinteoirí NTI
- Oiliúint agus Tacaíocht d'oidí NTI agus múinteoirí atá ag obair in éineacht leo
- Múinteoirí breise do scoileanna
- Maoiniú do mhalairt scoileanna
- Oiliúint agus tacaíocht do mhúinteoirí a chuireann modheolaíocht FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha) i bhfeidhm

Daoine a chur ar an eolas faoin luach atá le scileanna teangacha iasachta

- #ThinkLanguages – ceiliúradh bliantúil ar theangacha do scoláirí Idirbhliana le ceardlanna, cainteoirí, comórtais agus gníomhaíochtaí spráíula
- Tacaí agus áiseanna do Chomhairleoirí gairmthreorach
- Feachtais mheáin shóisialta Languages Connect – físeáin, comórtais, noda agus comhairle faoi theangacha a fhoghlaim
- Ábhair phromóisin agus físeáin do mhúinteoirí, do scoláirí agus do chomhairleoirí gairmthreorach
- Imeachtaí agus comhdhálacha do scoláirí, do mhúinteoirí, do chomhairleoirí gairmthreorach agus do phríomhoidí
- Ranganna blaiste teanga ar Oíche Chultúir i gcomhpháirt le Coimisiún na hEorpa



Modúl Bunscoile Cuir Fáilte Roimh Theangacha

I mbliana, tabharfaimid tacaíocht do bhreis agus 700 bunscoil, chun teanga iasachta nó Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a thabhairt do pháistí. Seo iad aidhmeanna an mhodúil:

- Páistí a chur ar an eolas faoin réimse teangacha – Teanga Chomharthaíochta na hÉireann san áireamh – a úsáideann a bpiaraí, ar scoil agus sa phobal, chun cuidiú le cuimsiú agus tuiscint ar éagsúlacht sa tsochaí
- Páistí a spreagadh chun tosú ag foghlaim teangacha san iar-bhunscoil
- Deiseanna comhoibrithe a chur ar fáil i measc phobal na scoile, maidir le ceiliúradh teangacha agus cultúr
- Tacú le cur i bhfeidhm Languages Connect, Straitéis na hÉireann do Theangacha Iasachta san Oideachas 2017–2026



Tacú leatsa, le
do scoil agus le do
chuid scoláirí

Foireann PPLI

Tagann baill foirne PPLI ó chúlraí éagsúla agus tuigimid ar fad go bhfuil an oiread sin buntáistí ann a bhaineann le foghlaim teangacha iasachta. Ar an bhfoireann tá:

- Oifigigh Oideachais
- Oifigigh Thionscadail
- Comhlaigh
- Margaíocht agus Cumarsáid
- Múinteoirí Teangacha Iasachta



Chun teacht ar thuilleadh eolais, téigh chuig languagesconnect.ie nó ppli.ie. Déan teagmháil linn ag info@ppli.ie nó lean muid ar mheáin shóisialta.



Faoi PPLI



Teangacha
Iar-bhunscoile Éireann
Post-Primary
Languages Ireland

Éagsúlú, feabhsú, agus leathnú múineadh agus foghlaim teangacha iasachta ag leibhéal na hiar-bhunscolaíocht.

Aonad na Roinne Oideachais, Bunaithe 2000

Languages Connect – Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017–2026

Is í ár bhfís go gcuirfear sochaí chun cinn i gcóras oideachais na hÉireann ina nglactar go nádúrtha leis an gcumas teanga iasachta amháin ar a laghad a fhoghlaim agus a úsáid de bharr an luacha nádúrtha atá inti don duine aonair, don tsochaí agus don eacnamaíocht.

Foilsithe ag Rialtas na hÉireann i Nollaig 2017



Feachtas Feasachta Languages Connect: Cur chun cinn a dhéanamh ar na buntáistí pearsanta, sóisialta, gairmiúla agus eacnamaíola, a bhaineann le scileanna teangacha iasachta do phríomhoidí, do mhúinteoirí, do chomhairleoirí gairmthreorach, do thuismitheoirí agus do scoláirí, agus do gach páirtí leasmhar san earnáil ag an tríú leibhéal.

Éascaithe ag PPLI ó Mheán Fómhair 2018